Focal íd' Chluais.

A word in your ear. Eanáir 2012.

CSP
Meitheal Mhúscraí

Leideanna chun Calaois a sheachaint

Seanóirí: Bí eolach faoi thrádálaí/chuairteoirí bréagacha atá ag iarraidh muinín daoine a fháil roimh tráthái airgid a dhéanamh ortha. Glaonn na daoine seo ó dhoras go doras ag iarraidh obair cosúil le tíleanna dín a athrú, nó maisiúcháin a dhéanamh agus bíonn siad ag iarraidh a chur ina luí ar dhaoine go bhfuil an obair seo riachtanach. An t-aon aidhm a bhíonn acu ná an méid is lú oibre a dhéanamh ar tháille mhór. I bhformhór des na cásanna níl gá leis an obair a dhéanamh in aon chor. Nuair a bhíonn an obair déanta acu i dtréimhse ghairid bíonn airgead mór á lorg acu agus go minic úsáideann siad taicticí bagracha agus scanrúla.

Ná lig do strainséir teacht isteach i do theach riamh: Muna bhfuil tú cinnte go n-aithníonn tú duine a thagann isteach sa chlós nó duine a chnagann ar an ndoras **ná hoscail an doras**. Dein ceann des na rudaí seo**:**

a. Cuir glaoch ar ghaol nó ar chomharsan.

b. Brú an cnaipe dearg san aonad freagartha éigeandála agus inis do scéal dóibh.

c. Cuir glaoch ar na Gardaí, an uimhir éigeandála ná 999 nó 112 nó cuir glaoch ar Stáisiúin na nGardaí i Maigh Chromtha ag 026 - 20590. Tá na Gardaí i Maigh Chromtha ar fáil 24 uair sa ló.

Cártaí Creidmheasa: ● Bí cúramach le do uimhir PIN – coimeád sábháilte é, clúdaigh an t-eochaircheap i rith na hiontrála, ná hinis an uimhir PIN do éinne agus ná scríobh síos é nó ná dein nóta de ar aon ghléas.

● Nuair atá seirbhísí nó earraí á cheannach agat coimeád súil ar do chárta fhad is atá an phróiseáil ar siúil chun clónáil a sheachaint.

Calaois ATM: ● Cuimhnigh i gcónaí, tabhair faoi ndeara do thimpeallacht fisiceach.

● Bí cinnte nach bhfuil aon duine sa chiú ró chóngarach duit. Chun cosc a chur ar cheamaraí fholaithe nó daoine ag iarraidh do eolas a ghoid clúdaigh do uimhir PIN le do lámh.

● Úsáid meaisíní bainc atá suite in áit le soilse maithe agus atá soiléir le feiscint. Má tá aon amhras ort téigh go áit eile. Bí cúramach faoi mheaisíní in áiteanna dorcha nó áiteanna nach bhfuil seiceáilte go rialta.

Dein an meaisín bainc a scrúdú: ● Féach ar aghaidh an mheaisín – Má tá sé difriúil i gcomparáid le meaisíní eile sa cheantar (má tá scáthán breise air, mar shampla), nó má tá iarmhar ceangailteach air (ó ghléas greamaithe air bhféidir), nó má tá comhartha breise air, úsáid meaisín eile agus chur in iúil do bhainistíocht an bhainc é.

● Má tá aon rud greamaithe le heochaircheap nó sliotán cárta an mheaisín bhainc, ná húsáid é.
Cuir an t-idirbheart ar ceal agus cuir in iúil dos na Gardaí áitiúla é.

Comhairle Bhreise: ● Ní chuireann do bhanc ríomhphost chugat riamh ag lorg do shonraí slándála bainc.

● Ná caith sean ráitis nó admhála amach le bruscar tí. Déan iad a mhionghearradh nó déan iad a dhó.

● Ná shín aon fhoirm/seic bhán – d'fhéadadh sé a bheith an-chostasach.

● Dein do ráitis chártaí creidmheasa agus bainc a sheiceáil go minic i gcóir comharthaí gníomhaíocht chalaoiseach.

Naomh Blaise **Lá Féile: an 3ú lá Feabhra**

Mhair Naomh Blaise sa cheathrú haois. Bhí sé ina shagart agus i ndiaidh sin ina easpag ar Sebaste san Airméin atá anois sa Tuirc. Nuair a thosaigh an gobharnóir Licinius ag géarleanúint na gCríostaithe, gabhadh Naomh Blaise agus cuireadh i bpríosún é le bheith dícheannta. Ar an slí bhí slua daoine ar an mbóthar chun an t-easpag a fheiscint don uair dheireannach. Bheannaigh sé gach éinne, fiú amháin na págánaigh. Rith máthair suas cuige ag iarraidh air a leanbh a bhí ag tachtadh chun báis ó chnámh iasc, a shábháil. Dúirt an Naomh paidir agus bheannaigh sé an leanbh. B'í mhíorúilt a shábháil an leanbh. Sin an fáth go n-iarrann daoine cabhair ó Naomh Blaise nuair atá breoiteacht scornach ortha. Ar a lá féile beannaítear ár scornacha. Iarraimid air ár scornacha a chosaint ó bhreoiteacht. Thiontaigh sé a lán págánaigh sa phríosún. Ní raibh sé chun a chreideamh in Íosa Críost a thréigean de bharr céasadh ar bith. Dícheannadh é sa bhliain 316.

Meitheal Mhúscraí,
Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cille, Cill na Martra 026-40999

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Ann O Donovan, deireadh mí Eanáir le coinne. Glaoigh ar 026 40999.
Suathaireacht: Le coinne, Teil 087 6759121.
Ealaín le Pauline Dodds Hyland, ag tosnú Dé Mháirt an 17ú lá den mhí seo do 10 seachtainí ó 2-4in.
Breis eolas le fáil ó 026 40999.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Le coinne, dáta le socrú, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht le coinne. Glaoigh ar Joan O Donovan ag 086 8258023.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Deardaoin ag 9in.
Ealaín le Pauline Dodds Hyland. Breis eolas le fáil ó 026 45212

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, taisteal ar fail.
Cuir glaoch ar 026 40999 nó 45559.
Suathaireacht: Do choinne glaoigh ar 087 6759121.
Cosliacht: Rita Sheehy, 18ú lá den mhí seo le coinne, glaoigh ar 026 45559 / 40999.

Féile Bealtaine

Tá Féile Bealtaine timpeall an cúinne. Tá fáilte roimh aon tuairimí chun é a cheiliúradh.

Dúcheist Tapaidh

Tá dath dearg ar gach rud atá ag an tUasal Dearg, tá sé ina chónaí i mbungaló dearg, tá a chathaoireacha agus a bhoird dearg: Tá an tsíleáil, na fallaí agus an t-urlár dearg freisin. Tá a chuid éadaigh go léir dearg chomh maith lena bhróga, na cairpéid, an teilifís agus an fón. Cén dath atá ar a staighre?

Cleas Inchinne

Fadó i Meiriceá, d'fhéadadh duine ocht gcearca a cheannach ar dollar amháin, nó caora amháin ar dollar amháin, agus bhí praghas deich dollar ar bhó amháin. Cheannaigh feirmeoir céad ainmhithe agus éanlaith ar chéad dollair. Cad a cheannaigh sé?

Curiarracht Dhomhanda Guinness.

B'é an madra is giorra ar Domhan ar an 31ú lá de mhí Eanáir 2005 ná sí-abhabha darbh ainm di Heaven Sent Brandy. Bhí sí 15.2 cm (6 orlach) ó bharr a h-eireaball go dtí a srón. Is le Paulette Keller an madra seo agus tá sí ina cónaí i Largo, Florida sna Stáit Aontaithe.

Scoraíocht an Deardaoin

In rith míosa an gheimhridh beidh cártaí á imirt in ionad an gnáth scoraíocht. Sna míosa amach romhainn beidh gníomhaíochtaí eile agus turasanna ar siúl. Tá fáilte roimh gach tuairim nó smaoineamh atá ag éinne. Don mhí seo beidh cluiche cártaí ar siúl san Ionad Áise, Réidh na nDoirí ar an Déardaoin an 19ú lá ag 2.30in. Taisteal ar fáil ag 45661. Fáilte roimh cách.

Leideanna chun Fuinneamh a Shábháil

● Ag pointe áirithe i rith cócaireachta múch an fáinne leictreach agus bain úsáid as an teas iarmharach.
● Lig do bhia te fuarú sara gcuireann tú isteach sa reoiteoir é.
● Méadaíonn úsáid an leictreachais nuair atá urrann an reoiteora lán le sioc agus oighear. Díshioc agus glan an taobh istigh den chuisneoir agus an reoiteoir ar a laghad gach sé mhí.
● Déan seiceáil go bhfuil na séalaí ar dhoirse an chuisneora feistithe go daingean agus go bhfuil an cuisneoir ag dúnadh i gceart. Déan cinnte go bhfuil an séala in ann nóta 5 euro a choimeád nuair atá sé dúnta.

Ócáid Stairiúil i mí Eanáir

Ar an 24ú lá de mhí Eanáir 1972 d'aimsigh feirmeoirí saighdiúir Seapánach darbh ainm Shoichi Yokoi a bhí i bhfolach sna dufairí i nGuam ar feadh 28 bliain. Ní raibh a fhios aige go raibh an Dara Cogadh Domhanda thart. Is oileán 200 míle cearnach é Guam atá suite san Aigéin Ciúin Iartharach. Ghabh fórsaí Seapánacha an t-oileán i 1941 ach thóg na Meiriceánaigh an t-oileán ar ais arís i 1944. I rith an ionsaithe seo bhí na fórsaí Seapánacha ag cúlú agus bhí Yokoi fágtha ina aonar. Chuaigh sé i bhfolach i dtreo is nach mbeadh air géilleadh dos na Meiriceánaigh. Dhein sé uirlisí maireachtála sna dufairí i nGuam agus d'fhan sé ar feadh tríocha bliain ag feitheamh dos na Seapánaigh agus a chéad ordaithe eile. Nuair a aimsíodh é i 1972 scaoileadh amach as an arm é agus chuaigh sé abhaile go dtí an tSeapáin áit a raibh clú agus cáil air mar laoch náisiúnta. Phós sé ina dhiaidh sin agus chuaigh sé ar ais go dtí Guam ar a mhí na meala.

Arán Torthaí Muga www.odlums.ie

Comhábhair: ● 2 muga de phlúr éiritheach,
● muga amháin de thorthaí measctha,
● muga amháin de shiúcra donn, ● muga amháin de bhainne, ● Spúnóg tae amháin de spíosra measctha
Modh: Cuir an plúr, na torthaí, an siúcra, an spíosra measctha agus an bainne i mbabhla agus déan iad a mheascadh go maith le spúnóg. Cuir an meascán i stán builín dhá phunt atá gréiscthe agus líneáilte. Déan an t-oigheann a théamh roimh ré go dtí 170°C/325°F/Marc Gáis 3. Déan an breac a bhácáil ar feadh uair a' chloig. Lig dó fuarú ar thráidire sreinge.
Leid: Is féidir aon mhuga a úsáid ach úsáid an muga céanna dos na comhábhair go léir.